Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

2025/2250(INI)

16.2.2026

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar Thuarascáil 2025 ón gCoimisiún maidir leis an Albáin
(2025/2250(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Andreas Schieder

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 8

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 9

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar Thuarascáil 2025 ón gCoimisiún maidir leis an Albáin
(2025/2250(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAlbáine, den pháirt eile[1],

– ag féachaint d'iarratas na hAlbáine ar bhallraíocht a ghlacadh san Aontas, arna chur isteach an 24 Aibreán 2009,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)[2],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1449 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú[3],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2020 dar teideal '*Enhancing the accession process – A credible EU perspective for the Western Balkans*' [An próiseas aontachais a fheabhsú – Peirspictíocht inchreidte an Aontais do na Balcáin Thiar] (COM(2020)0057),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 dar teideal [Plean nua fáis do na Balcáin Thiar'] (COM(2023)0691),

– ag féachaint do Chlár Oibre Athchóirithe na hAlbáine a tíolacadh faoi Shaoráid Athchóirithe agus Fáis an Aontais, arna fhormheas ag an gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2024,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Iúil 2025 dar teideal 'Tuarascáil 2025 ar an Smacht Reachta' (COM(2025)0900), lena ngabhann an doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal '*2025 Rule of Law Report – Country Chapter on the rule of law situation in Albania*' [Tuarascáil 2025 ar an Smacht Reachta – Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta san Albáin] (SWD(2024)0928),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Samhain 2025 dar teideal '*2025 Communication on EU Enlargement Policy*' [Teachtaireacht 2025 maidir le Beartas an Aontais um Méadú] (COM(2025)0690), a raibh doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal '*Albania 2025 Report*' [Tuarascáil 2025 ar an

[1] IO L 107, 28.4.2009, lch. 166, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2009/332/oj.
[2] IO L 330, 20.9.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1529/oj.
[3] IO L, 2024/1449, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1449/oj.

Albáin] ag gabháil léi (SWD(2020)0750),

– ag féachaint do thuarascáil chríochnaitheach an 23 Deireadh Fómhair 2025 ó Mhisean Breathnóireachta Toghcháin na hOifige um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR) san Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) ar thoghcháin pharlaiminteacha na hAlbáine an 11 Bealtaine 2025,

– ag féachaint don dearbhú ón gcruinniú mullaigh idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar a reáchtáladh sa Bhruiséil an 17 Nollaig 2025,

– ag féachaint do na rúin uaithi roimhe seo maidir leis an Albáin,

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-0000/2026),

A. de bhrí go leanann méadú an Aontais de bheith ina infheistíocht straitéiseach sa tsíocháin, sa tslándáil, sa chobhsaíocht agus san fhorbairt dhaonlathach agus shocheacnamaíoch ar fud mhór-roinn na hEorpa;

B. de bhrí gur choinnigh an Albáin treoshuíomh straitéiseach soiléir i dtreo bhallraíocht san Aontas agus gur léirigh sí ailíniú iomlán le comhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) an Aontais;

C. de bhrí go bhfuil an Albáin ina tír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas ó 2014 i leith, gur chuir sí tús le caibidlíocht aontachais i mí Iúil 2022, gur thug sí an próiseas scagtha chun críche i mí na Samhna 2023 agus gur chuir sí tús leis na cnuasaigh chaibidlíochta uile idir an 15 Deireadh Fómhair 2024 agus an 17 Samhain 2025;

D. de bhrí go ndeimhnítear i dTuarascáil 2025 ón gCoimisiún maidir leis an Albáin go leanann an tír de dhul chun cinn a dhéanamh i bhformhór na réimsí a bhaineann le haontachas, agus béim á leagan ag an am céanna ar an ngá atá le hathchóirithe níos doimhne, níos comhsheasmhaí agus níos do-aisiompaithe;

E. de bhrí go mbraitheann inchreidteacht phróiseas an mhéadaithe ar choinníollacht dhocht, ar dhul chun cinn bunaithe ar fhiúntas agus ar chur chun feidhme éifeachtach athchóirithe, seachas ar reachtaíocht a ghlacadh go foirmiúil amháin;

F. de bhrí go bhfuil neartú institiúidí daonlathacha, neamhspleáchas breithiúnach, iarrachtaí frithéillithe, saoirse na meán agus cearta bunúsacha fós fíor-riachtanach do chonair aontachais na hAlbáine;

G. de bhrí nár tugadh aghaidh go hiomlán fós ar mholtaí sin ESCE/ODIHR chun breis feabhais a chur ar reáchtáil na dtoghchán san Albáin;

1. á chur in iúl gur geal léi sárthiomantas na hAlbáine do lánpháirtiú an Aontais, bunaithe ar chomhthoil i measc na bpáirtithe polaitiúla uile agus ar thacaíocht ollmhór i measc na saoránach, agus ag moladh an fhíorais gur oscail an Albáin gach cnuasach caibidlíochta aontachais laistigh de 13 mhí;

2. á chur in iúl gur geal léi uaillmhian na hAlbáine clabhsúr a chur ar chaibidlíocht

aontachais faoi dheireadh 2027 agus an dul chun cinn tapa atá déanta le blianta beaga anuas; á thabhairt chun suntais gur gá cur chun feidhme críochnúil na reachtaíochta a áirithiú;

3. á thabhairt dá haire go measann an Coimisiún go bhfuil creat toghcháin na hAlbáine leormhaith a bheag nó a mhór chun toghcháin iomaíocha a reáchtáil, agus ag an am céanna ag athdhearbhú imní a bhaineann leis an éagothroime iomaíochta, mí-úsáid acmhainní riaracháin, líomhaintí maidir le ceannach vótaí agus brú ar vótálaithe; ag iarraidh, dá bhrí sin, ar an tromlach agus ar an bhfreasúra, athchóiriú cuimsitheach toghchánach a shaothrú go cuiditheach agus go cuimsitheach, i ndlúthchomhar leis an tsochaí shibhialta, agus moltaí ESCE/ODIHR agus Choimisiún na Veinéise atá fós gan réiteach a chur chun feidhme go hiomlán i bhfad roimh thimthriallta toghcháin amach anseo;

4. á chur in iúl gur cúis bhuartha di polarú polaitiúil leanúnach agus dioscúrsa polaitiúil achrannach, a bhaineann an bonn ó fhormhaoirseacht pharlaiminteach, ó mhuinín an phobail agus ó fheidhmiú éifeachtach na n-institiúidí daonlathacha;

5. ag spreagadh grinnscrúdú parlaiminteach níos láidre ar an bhfeidhmeannas, trédhearcacht fheabhsaithe i nósanna imeachta reachtacha agus comhairliúchán níos fónta le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le comhpháirtithe sóisialta agus le hinstitiúidí neamhspleácha;

An smacht reachta, an bhreithiúnacht agus an frithéilliú

6. á chur in iúl gur geal léi cur chun feidhme leanúnach an phróisis athchóirithe ceartais, lena n-áirítear grinnfhiosrúchán na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí, rud a rannchuidigh le cuntasacht agus ionracas méadaithe laistigh de na breithiúna; á thabhairt dá haire, áfach, go bhfuil dúshláin leanúnacha ann a bhaineann le héifeachtúlacht bhreithiúnach, riaráistí na gcásanna, comhsheasmhacht dlí-eolaíochta agus iarrachtaí tionchar míchuí a imirt;

7. á iarraidh go ndéanfaí comhlachtaí rialachais bhreithiúnaigh a neartú tuilleadh, lena n-áiritheofar a neamhspleáchas, a dtrédhearcacht agus a n-acmhainneacht ghairmiúil, agus go ndéanfaí infheistíocht leanúnach i mbonneagar cúirte agus i ndigiteáil;

8. á chur i bhfáth gur cúis mhór imní i gcónaí é an t-éilliú agus, in ainneoin an dul chun cinn atá déanta sa chreat dlíthiúil agus institiúideach, nach mór don Albáin a cuntas teiste maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh a chomhdhlúthú tuilleadh, go háirithe i gcásanna éillithe ardleibhéil;

9. á áitiú gur gá aghaidh a thabhairt ar an éilliú ar gach leibhéal chun muinín na saoránach as institiúidí stáit a neartú agus chun timpeallacht ghnó intuartha a cheadú;

10. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé an choireacht eagraithe a chomhrac go héifeachtach, lena n-áirítear líonraí sciúrtha airgid agus gáinneála ar dhrugaí, agus á iarraidh go mbeadh comhar níos dlúithe ann le gníomhaireachtaí an Aontais amhail Europol agus Eurojust;

Cearta bunúsacha agus saoirse na meán

11. á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus iolrachas na meán a chosaint, lena n-áirítear trédhearcacht níos fearr maidir le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ag úinéirí na meán, coimircí i gcoinne brú polaitiúil agus eacnamaíoch ar iriseoirí agus imscrúdú éifeachtach ar bhagairtí agus ionsaithe i gcoinne gairmithe na meán;

12. ag spreagadh na hAlbáine an creat institiúideach a neartú chun mionlaigh agus grúpaí leochaileacha a chosaint, lena n-áirítear Romaigh agus Éigiptigh, daoine faoi mhíchumas, oibrithe imirceacha agus daoine LADTIA+, agus cur chun feidhme éifeachtach na reachtaíochta frith-idirdhealaithe a áirithiú; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an reitric fhrithinscne atá le feiceáil sa dioscúrsa polaitiúil;

13. á chur i bhfios go láidir gur gá rochtain ar cheartas a fheabhsú, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha agus imeallaithe;

Athchóiriú an riaracháin phoiblí agus rialachas

14. ag aithint an dul chun cinn atá déanta maidir le hathchóiriú an riaracháin phoiblí, lena n-áirítear pleanáil straitéiseach agus comhordú; á chur i bhfáth, áfach, go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun earcaíocht bunaithe ar fhiúntas agus dípholaitiú na státseirbhíse a áirithiú;

15. á iarraidh go gcuirfí feabhas ar phleanáil beartais, ar chinnteoireacht fhianaisebhunaithe agus ar phróisis bhuiséadacha thrédhearcacha, lena n-áirítear formhaoirseacht pharlaiminteach neartaithe ar airgeadas poiblí;

Athchóirithe socheacnamaíocha agus an comhshaol

16. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht na hAlbáine i gcur chun feidhme Phlean Fáis an Aontais do na Balcáin Thiar; á thabhairt dá haire, áfach, go bhfuil laigí struchtúracha fós ann, lena n-áirítear neamhfhoirmiúlacht, fás teoranta táirgiúlachta agus timpeallacht dhúshlánach ghnó; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an mbonneagar iompair i dtíortha na mBalcán Thiar agus naisc a fhorbairt le Ballstáit an Aontais;

17. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh san oideachas, i bhforbairt scileanna agus sa nuálaíocht chun tacú leis an bhfás inbhuanaithe agus leis an gcomhtháthú sóisialta;

18. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá fíor-idirphlé sóisialta chun tairbhí an mhéadaithe a sholáthar do chodanna éagsúla den daonra; á chur in iúl gur oth léi minicíocht íseal chruinnithe na Comhairle Náisiúnta Saothair; á iarraidh go neartófaí an próiseas comhairliúcháin tripháirteach, lena n-áirítear ionadaíocht leormhaith na gceardchumann; á chur i bhfáth gur gá tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fhothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta;

19. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur mheas an Coimisiún nach ndearnadh aon dul chun cinn maidir leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide le bliain anuas;

Beartas eachtrach agus comhar réigiúnach

20. ag moladh ailíniú iomlán leanúnach na hAlbáine le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, lena n-áirítear bearta sriantacha, rannpháirtíocht leanúnach na hAlbáine i misin agus oibríochtaí CBSC, agus a ról cuiditheach maidir le cobhsaíocht réigiúnach a chur chun cinn;

21. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá dea-chaidreamh comharsanachta agus comhar réigiúnach mar ghnéithe bunriachtanacha de phróiseas an mhéadaithe agus á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht ghníomhach na hAlbáine i dtionscnaimh réigiúnacha;

Tacaíocht an Aontais

22. á chur in iúl gur geal léi cúnamh airgeadais agus teicniúil an Aontais don Albáin faoi IPA III agus faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis, agus á chur i bhfáth nach mór go leanfadh an tacaíocht sin de bheith nasctha go daingean le cur chun feidhme nithiúil athchóirithe agus le torthaí intomhaiste;

°

° °

23. ag treorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig Uachtarán, Rialtas agus Parlaimint Phoblacht na hAlbáine.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Déantar meastóireacht sa tuarascáil seo ar staid na himeartha agus ar na forbairtí is déanaí maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Albáin maidir le teacht isteach san Aontas. Cuimsítear ann freagairt na Parlaiminte ar thuarascáil 2025 ón gCoimisiún maidir le méadú.

Tá an Albáin ina tír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas ó 2014 i leith, chuir sí tús le caibidlíocht aontachais i mí Iúil 2022, thug sí an próiseas scagtha chun críche i mí na Samhna 2023 agus chuir sí tús leis na cnuasaigh chaibidlíochta uile idir an 15 Deireadh Fómhair 2024 agus an 17 Samhain 2025 le linn tréimhse níos giorra ná riamh de bheagán os cionn bliana.

I mbliana agus an bhliain seo chugainn, beidh ar an Albáin an móiminteam a choinneáil chun a sprioc a bhaint amach maidir le bheith réidh d'aontachas leis an Aontas faoi dheireadh 2027. Chuirfeadh sé sin ar chumas na mBallstát dul ar aghaidh le daingniú an chonartha aontachais don Albáin chun teacht isteach san Aontas faoi dheireadh na ndeich mbliana seo. Sa chéad chéim eile sin, beidh sé ríthábhachtach na hathchóirithe a glacadh ar an láthair a chur chun feidhme go héifeachtach.

Déantar measúnú sa tuarascáil seo ar dhul chun cinn na hAlbáine maidir lena hinstitiúidí daonlathacha, saoirse na meán, rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, cearta bunúsacha, an smacht reachta, athchóirithe socheacnamaíocha, an comhshaol, an comhar réigiúnach agus an beartas eachtrach.

D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta, tá roinnt dúshlán fós roimh an Albáin amhail an deighilt pholaitiúil inmheánach a shárú agus an cultúr polaitiúil a fheabhsú, an smacht reachta a neartú agus athchóirithe frithéillithe a chomhdhlúthú.

Leagtar béim ar leith i dtuarascáil na bliana seo ar athchóirithe socheacnamaíocha agus tugtar chun suntais inti a thábhachtaí atá fíor-idirphlé sóisialta chun tairbhí an mhéadaithe a chur ar fáil do gach cuid den daonra.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí
Government of Republic of Albania
Members of Parliament of the Republic of Albania

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)